# An BEI d'aon amharc 2019



Is é an Banc Eorpach Infheistíochta an eite
iasachtaithe den Aontas Eorpach.

Táimid ar an iasachtóir iltaobhach is mó dá bhfuil
ann agus is muidne a chuireann an méid is mó
maoinithe ar fáil ar son na haeráide.

Tacaímid leis an ngeilleagar, cruthaímid poist agus
cuirimid an comhionannas chun cinn.

Tá dhá chuid i nGrúpa an BEI: an Banc Eorpach
Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta.
Déanann an CEI sainfheidhmiú ar mhaoiniú do
ghnóthais bheaga agus cuideachtaí lárchaipitlithe.

Féach trí na leathanaigh seo a leanas le heolas
a chur ar cheann de na hinstitiúidí forbartha
is cumasaí ar domhan.



*Feabhsaíodh roghanna iompair do 290 milliún paisinéir in 2018 a bhuíochas le maoiniú ón mBanc.*

| | |
|---|---|
| Infheistíocht €230,000,000,000 | tacaithe ag gníomhaíochtaí an BEI |
| Maoiniú €64,190,000,000 | ó Ghrúpa an BEI[1] |
| €60,000,000,000 | tiomsaithe ar na margaí domhanda bannaí |
| Maoiniú €23,270,000,000 | do ghnóthais bheaga |
| €13,520,000,000 | le borradh a chur faoin nuálaíocht |
| 5,000,000 | post coinnithe i gcuideachtaí beaga |
| 854 | tionscadal sínithe |
| Thacaigh 29% | de mhaoiniú an BEI le gníomhú ar son na haeráide |

1 Chuireamar maoiniú €64.19 billiún ar fáil in 2018, a thacaigh le hinfheistíochtaí arbh fhiú thart ar €230 billiún iad. Is iondúil nach maoiníonn an BEI níos mó ná 50% de thionscadal. Nuair a fheiceann institiúidí eile go bhfuilimid ag tacú leis, áfach, spreagtar iad chun an tionscadal a mhaoiniú freisin.



*Chuir an Banc €15.15 billiún ar fáil in 2018 d’fhonn an comhshaol a chosaint.*

# Ár dtosaíocht

Díríonn an Banc Eorpach Infheistíochta ar cheithre phríomhréimse: an nuálaíocht, gnóthais bheaga, an aeráid agus an t-infreastruchtúr.

Cinntíonn an saineolas atá ag na heacnamaithe, na hinnealtóirí, na hanailísithe airgeadais agus na speisialtóirí aeráide dár gcuid go n-éiríonn lenár dtionscadail go léir. Dá réir sin, spreagann an tacaíocht ónár gcuid saineolaithe tuilleadh infheistíochta ón earnáil phríobháideach. Oibrímid ar fud an domhain le saol na ndaoine a fheabhsú. In 2018 rinneamar an t-uisce óil ní ba shábháilte do 20 milliún duine, thógamar bóithre ní b'fhearr do na milliúin tiománaithe agus thugamar an leictreachas chuig breis is 34 milliún teaghlach.



*Le tacaíocht ón BEI, d'athchóirigh Institiúid Néareolaíochta agus Géineolaíochta na Cipire a saoráidí taighde agus cóireála.*

Tacaíonn an maoiniú agus an chomhairle a chuirimid ar fáil leis na milliúin post agus cabhraíonn leis na mílte gnóthas beag déanamh go maith. In 2018 fuaireamar maoiniú do 374,000 gnóthas beag. Tacaímid le tionscadail nuálaíochta agus aeráide atá ar thús cadhnaíochta leis an Eoraip a dhéanamh níos iomaíche. Thugamar tacaíocht do 29 milliún nasc digiteach ar ardluas in 2018.

I measc na n-uirlisí atá againn tá an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha. Is é is aidhm leis ná an bhearna mhaoinithe san Eoraip a shárú ach infheistíocht €500 billiún a spreagadh faoi 2020. Faoi dheireadh 2018 bhí maoiniú €70.4 billiún ceadaithe ag Grúpa an BEI faoin CEIS, rud a ghríosaigh infheistíocht €375.5 billiún ar an iomlán.




*Táthaire i monarcha cóimeála busanna sa tSeineagáil. D'infheistigh an BEI i gciste atá ag cabhrú leis an gcuideachta déanamh go maith.*

# Ár gcuid cliant

Cuirimid iasachtaí ar fáil sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon. Tacaímid le gnóthais bheaga trí bhainc áitiúla agus tugaimid airgead ar iasacht do ghnóthais nuathionscanta nuálacha. Is féidir le cuideachtaí lárchaipitlithe tacaíocht dhíreach a fháil le haghaidh infheistíochtaí taighde agus forbartha. Ní thugaimid níos mó ná leath de chostas iomlán an tionscadail ar iasacht toisc go mbímid ag iarraidh go spreagfadh ár n-iasachtaí infheisteoirí príobháideacha agus institiúidí airgeadais poiblí eile chun infheistiú freisin.

Tairgeann an Banc raon leathan táirgí airgeadais ar théarmaí fabhracha. I gcás tionscadail áirithe a thacaíonn leis an nuálaíocht agus le scileanna san Eoraip, glacaimid níos mó riosca orainn féin ná mar a ghlacfadh banc tráchtála. Cuirimid cúnamh teicniúil ar fáil chomh maith le cabhrú le tionscadail a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.



*Cabhraíonn an Banc le cathracha, ar nós Pháras, leas a bhaint as fuinneamh in-athnuaite, soghluaisteacht a fheabhsú agus bóithre agus droichid a uasghrádú.*

# Ár gcuid acmhainní

Tá an Banc Eorpach Infheistíochta féinrialaitheach ó thaobh airgeadais de. Tiomsaímid airgead ach bannaí a eisiúint ar na margaí caipitil idirnáisiúnta.

Fágann an rátáil chreidmheasa den scoth atá againn go n-éiríonn linn airgead a thiomsú ar rátaí maithe. Cuirimid na buntáistí sin ar aghaidh chuig ár gcuid cliant.

Táimid ar cheann de na bainc iltaobhacha is glaise ar na margaí domhanda. Is iad baincéirí dár gcuid a cheap an chéad mhargadh "bannaí glasa".

# Ár ngealltanais

- ardchaighdeáin chomhshaoil agus shóisialta i ngach a ndéanaimid
- rialachas, trédhearcacht agus cuntasacht láidir
- an lorg comhshaoil is lú is féidir

Le tuilleadh eolais a fháil ar ár saothar,
téigh chuig **www.eib.org/products**.

An Banc Eorpach Infheistíochta
Infheistíochta

Banc an AE

EUROPEAN
INVESTMENT
FUND

**An Banc Eorpach Infheistíochta**
info@eib.org
**www.eib.org**

© EIB
01/2019
print: QH-02-19-008-GA-C ISBN 978-92-861-4219-2 doi:10.2867/238875
pdf: QH-02-19-008-GA-N ISBN 978-92-861-4215-4 doi:10.2867/577420